Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5161/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0252(NLE)**

**ATO 2**
**CADREFIN 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10137/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár airgeadais tiomnaithe um dhíchoimisiúnú saoráidí núicléacha agus um bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013<br>– Glacadh |

1. An 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear clár airgeadais tiomnaithe um dhíchoimisiúnú saoráidí núicléacha agus um bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013.

2. Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha an togra agus tháinig sí ar chomhaontú sealadach ar leibhéal na Meithle tar éis comhairliúchán scríofa neamhfhoirmiúil a chríochnaigh an 3 Samhain 2020, gan agóid déanta ag aon cheann de na toscaireachtaí ina choinne.

3. Ghlac cruinniú urghnách de Chomhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020 conclúidí ón gComhairle Eorpach lena gcumhdaítear an t-ioncam do CAI 2021-2027 freisin[1], lena n-áirítear an buiséad don chlár sin.

[1] EUCO 10/20

4. Chuathas i gcomhairle ar dtús le Parlaimint na hEorpa i mí Iúil 2018 agus thug sí a tuairim uaithi an 16 Eanáir 2019. Ó shin i leith, leis an gcomhaontú sealadach ar thángthas air ar leibhéal na Meithle, rinneadh leasú nach beag ar an togra ón gCoimisiún. Ar an ábhar sin, chuathas i gcomhairle an athuair le Parlaimint na hEorpa i mí na Samhna 2020 agus chinn sí gan tuairim eile a thabhairt uaithi.

5. An 2 Nollaig 2020, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé le téacs an Rialacháin ón gComhairle mar a leagtar amach in 13363/20 é.

6. Ag eascairt as an gcomhaontú cothrománach maidir le CAI, rinneadh an téacs a ailíniú le forálacha nua CAI agus cuireadh é faoi bhráid na ndlítheangeolaithe lena athbhreithniú, mar a leagtar amach in 12566/20 é.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– an dréacht-téacs críochnaitheach le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear clár airgeadais tiomnaithe um dhíchoimisiúnú saoráidí núicléacha agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh. 1368/2013, mar a leagtar amach in 12566/20 é, a fhormheas.

– a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, an Rialachán ón gComhairle, mar a leagtar amach in 12566/20 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag seisiún a bheidh ag an gComhairle amach anseo.